2024/2925

26.11.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2925 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meitheamh 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 ([1]), agus go háirithe Airteagal 66, mír 1, pointí (e) agus (k), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) é an tAontas, tar éis dó Coinbhinsiún ICCAT a fhormheas de bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Glacann ICCAT bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a áirithiú agus chun na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin a choimirciú. D'fhéadfadh bearta mar sin a bheith ina gceangal ar an Aontas.

(3) Ó glacadh Rialachán (AE) 2023/2053, ghlac ICCAT ag a chruinniú bliantúil in 2023 moladh ICCAT 23-06 ([3]) i ndáil le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir. Áirítear i moladh ICCAT 23-06 forálacha maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na teorainneacha le hacmhainneacht feirmeoireachta tuinníní gorma, píosa breise le cur leis an bprótacal scaoileadh agus nuashonrú ar an teimpléad tuairiscithe chun déileáil le héisc mharbha agus/nó éisc chaillte agus nuashonrú ar an nós imeachta um shéalaí ICCAT a sholáthar do bhreathnóirí réigiúnacha ICCAT. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(4) Thairis sin, is gá roinnt nuashonruithe agus leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2023/2053, mar atá an prótacal scaoilte in Iarscríbhinn XII a thabhairt cothrom le dáta ina iomláine agus fad an tsoithigh a shonraítear in Iarscríbhinn XV a leasú.

(5) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

([1]) Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj).

([2]) Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1986/238/oj).

([3]) Moladh ó ICCAT lena leasaítear Moladh 22-08 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 mar a leanas:

(1) in Airteagal 15, scriostar mír 3;

(2) leasaítear Iarscríbhinní XII, XIII, XV agus XVa i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní XII, XIII, agus XVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2053 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XII:

IARSCRÍBHINN XII

PRÓTACAL SCAOILTE

Orduithe scaoilte a eisiúint

1. Eiseoidh ceann díobh seo a leanas orduithe scaoilte roimh chur i gcaighean:

údarás inniúil an Bhallstáit nó CPC an oibreora deontóra i gcás ina ndiúltóidh údarás inniúil Bhallstát an tsoithigh gabhála nó an ghaiste an oibríocht aistrithe, i gcomhréir le hAirteagal 46, ar bhonn an réamhfhógra um aistriú; nó

údarás inniúil an Bhallstáit feirme nó an CPC i gcás, i gcomhréir le hAirteagal 45d, mír 8, nár eisigh údaráis inniúla an Bhallstáit feirme nó an CPC an t-údarú cur i gcaighean laistigh de mhí amháin tar éis na hiarrata ar údarú cur i gcaighean.

2. Eiseoidh ceann díobh seo a leanas orduithe scaoilte tar éis an chur i gcaighean:

údarás inniúil na mBallstát brataí gabhála, Bhallstáit an ghaiste nó an CPC i gcás ina suífear, de réir nósanna imeachta i míreanna 7 go 9 d'Airteagal 50, gur mó an meáchan a cuireadh i gcaighean ná an meáchan a tuairiscíodh a gabhadh. Tabharfar fógra faoin ordú scaoilte d'údaráis inniúla an Bhallstáit feirme nó an CPC, a dhéanfaidh é a tharchur chuig an oibreoir feirme lena mbaineann; nó

údaráis inniúla an Bhallstáit feirme nó an CPC i gcás, tar éis a bhfómhair, nach gcumhdóidh r-DGTG na héisc atá fágtha, nó i gcás ina sainaithneofar farasbarr iasc i measúnú tabhairt anonn nó in aistriú rialaithe.

Maidir le cásanna faoi phointe 2, an chéad mhír, déanfar an meáchan iomlán tuinníní gorma a bheidh le scaoileadh a thiontú ina líon comhfhreagrach iasc aonair tríd an meánmheáchan a chur i bhfeidhm a eascraíonn as an anailís ar fhís-sleachta ó cheamara steiréascópach a bhaineann leis an oibríocht ábhartha cur i gcaighean, arna déanamh ag údaráis inniúla an Bhallstáit feirme nó an CPC i gcomhréir le hAirteagal 51, mír 1.

Leithscaradh iasc roimh an oibríocht scaoilte

3. Roimh scaoileadh ó chaighean feirme, áiritheoidh údaráis inniúla an Bhallstáit feirme nó an CPC an méid seo a leanas:

go ndéantar na héisc atá le scaoileadh a leithscaradh agus a aistriú go caighean iompair folamh, agus go ndéantar faireachán ar aistriú na n-iasc go dtí an caighean iompair le ceamara rialaithe san uisce, i gcomhréir leis na caighdeáin íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn X;

go gcomhfhreagraíonn an líon iasc a leithscartar lena scaoileadh don ordú scaoilte.

4. Ní mór breathnóir réigiúnach de chuid ICCAT a bheith i láthair agus na héisc á leithscaradh roimh ré.

Taifead ar an oibríocht scaoilte le físcheamara

5. Déanfar scaoileadh tuinníní gorma ó chaighin iompair nó caighin feirme isteach san fharraige a thaifeadadh le ceamara rialaithe. Breathnóidh breathnóir réigiúnach de chuid ICCAT ar gach oibríocht scaoilte isteach san fharraige.

Tuairisciú

6. Maidir le gach oibríocht scaoilte a dhéantar, déanfaidh an t-oibreoir deontóra nó an t-oibreoir feirme atá freagrach as an scaoileadh tuarascáil scaoilte a chomhlánú, agus úsáid á baint as an teimpléad a leagtar amach i roinn 13 den Iarscríbhinn seo.

7. Déanfaidh breathnóir réigiúnach ICCAT an fhaisnéis sa dearbhú scaoilte a bhailíochtú. Cuirfidh an t-oibreoir deontóra nó an t-oibreoir feirme an dearbhú scaoilte faoi bhráid a údarás laistigh de 48 n-uair an chloig ón tráth a dhéanfar an oibríocht scaoilte lena tharchur chuig Rúnaíocht ICCAT.

Forálacha ginearálta

8. Déanfar oibríochtaí scaoilte as eangacha peas-saighne, gaistí nó caighin iompair láithreach tar éis an t-ordú scaoilte a fháil.

9. Déanfar oibríochtaí scaoilte ó fheirmeacha laistigh de 3 mhí ón oibríocht dheireanach chun na héisc lena mbaineann a chur i gcaighean agus 10 míle ar a laghad ón bhfeirm. I gcás scaoileadh is lú ná 5 thona de thuinníní gorma, féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit feirme nó an CPC achar níos giorra, de 5 mhíle ar a laghad, a shocrú le haghaidh an scaoilte.

10. Beidh máistir an tsoithigh tarraingthe nó oibreoir na feirme freagrach as marthanas na n-iasc go dtí go gcuirfear an oibríocht scaoilte i gcrích.

11. Féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit feirme nó an CPC aon bheart breise a cheapann siad a bhfuil gá leis a chur chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfar na hoibríochtaí scaoilte ag an am agus san áit is iomchuí chun cur leis an dóchúlacht go rachaidh na héisc ar ais chuig an stoc.

12. Ní bheidh feidhm ag forálacha na hIarscríbhinne seo maidir le tuinníní gorma a scaoileadh ó ghaistí de thoradh ardú an trealaimh ag deireadh na gníomhaíochta.

13. TEIMPLÉAD NA TUARASCÁLA SCAOILTE:

Tuarascáil Scaoilte ICCAT	Uimh. an Doiciméid:

1 – **MIONSONRAÍ GABHÁLA/CUR I gCAIGHEAN**

Feirm/soitheach gabhála/gaiste/soitheach tarraingthe ag a bhfuil an scaoileadh á dhéanamh:

Uimhir Chlár ICCAT:

Uimhir thagartha an ordaithe scaoilte:

Soithí gabhála/gaiste ([1]):

Uimhir COI:

Uimhir na n-údaraithe cur i gcaighean ([1]):

Uimhir na gcaighean scaoilte:

Tagairtí do r-DGTGanna:

Uimhir údaraithe scaoilte:

2 – **MIONSONRAÍ NA hOIBRÍOCHTA SCAOILTE**

An cineál scaoilte ([3]):

Dáta na hoibríochta:

Ainm an tsoithigh tarraingthe:

Uimhir Chlár ICCAT:

Bratach:

Leithscaradh iasc roimh an oibríocht scaoilte:

Uimhir an chaighin fíorúcháin:

Uimhir an chaighin scaoilte:

An líon BFTanna aonair a scaoileadh:

Meáchan na BFTanna a scaoileadh (kg):

Ainm an oibreora, dáta agus síniú ([2]):		Ainm an bhreathnóra, Uimh. ICCAT, dáta agus síniú:
An bhfuil breathnóir tar éis a bheith i láthair (Tá/Níl)	Cúiseanna le heasaontas:	Rialacha nó nós imeachta nár urramaíodh:

([1]) Maidir le scaoileadh ó fheirmeacha, agus maidir leis sin amháin.
([2]) Síniú an oibreora feirme le haghaidh scaoileadh ó fheirmeacha, nó síniú mháistir an tsoithigh iascaireachta le haghaidh scaoileadh arna ordú chuig soithí gabhála nó soithí tarraingthe.
([3]) Scaoileadh tar éis líonadh isteach na dtuarascálacha ar chur i gcaighean; na BFTanna atá fágtha tar éis buainte nach gcumhdaítear le r-DGTG; barrachas BFTanna a fuarthas tar éis measúnú ar aistriú rialaithe nó ar thabhairt anonn.

2. In Iarscríbhinn XIII, Cuid F 'Teimpléad Tuairiscithe', sa chúigiú ró den teimpléad, cuirtear isteach an tríú colún nua 'Ceann scríbe iasc marbh (a aischuireadh nó a tugadh i dtír)' idir na colúin 'An líon BFTanna marbha' agus 'Síniú an mháistir':

'F. **Teimpléad tuairiscithe**

	Tuairisciú ar éisc a fhaigheann bás le linn aistrithe agus oibríochtaí tarraingthe breise		
Soitheach tarraingthe	Ainm		
	Uimhir ICCAT agus bratach		
	Uimhir ITD agus uimhir an chaighin		
	Ainm an mháistir		
Soithí gabhála/gaiste gabhála	Ainm na soithí/an ghaiste		
	Uimhir ICCAT agus Uimhir COI		
	Uimhreacha r-DGTGanna		
Soitheach tarraingthe a bhí ann roimhe (más ann di)	Ainm		
	Uimhir ICCAT agus bratach		
	Uimhir ITD agus uimhir an chaighin		
	An líon iomlán BFTanna a tuairiscíodh marbh (*)		
An fheirm cinn scríbe	CPC/Ainm/Uimh. ICCAT		
Dáta	An líon BFTanna marbha	Ceann scríbe iasc marbh (a aischuireadh nó a tugadh i dtír)	Síniú an mháistir

IOMLÁN			

(*) I gcás aistrithe breise, déanfaidh máistir an tsoithigh tarraingthe deontóra an leagan bunaidh den tuarascáil ar chaillteanais a sheachadadh chuig máistir an tsoithigh tarraingthe glactha';

3. In Iarscríbhinn XV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre tosaigh i bpointe 1:

'1. D'ainneoin aon cheanglas níos déine is infheidhme in iascaigh shonracha de chuid ICCAT, cuirfidh gach Ballstát brataí VMS chun feidhme le haghaidh a shoithí iascaireachta uile is cothrom le nó is mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, agus le haghaidh a shoithí tarraingthe uile, gan beann ar a bhfad, atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí lasmuigh de dhlínse an Bhallstáit brataí agus déanfaidh gach Ballstát an méid seo a leanas:';

4. In Iarscríbhinn XVa, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

'1. Sula gcuirfear in úsáid iad ar shoitheach peas-saighne, ar ghaiste, nó ar shoitheach tarraingthe, soláthróidh an t-eintiteas a oibríonn clár breathnóirí réigiúnacha ICCAT 25 shéala de chuid ICCAT ar a laghad do gach breathnóir réigiúnach de chuid ICCAT atá faoina fhreagracht agus coimeádfaidh sé taifead ar na séalaí arna soláthar agus arna n-úsáid.'.